# Foirm áirithinte don scrúdú praiticiúil tiomána

RSA

**Úsáid oifigiúil amháin**

Uimh. áirithinte:

## Anois is féidir leat do scrúdú a chur in áirithe ar líne ag myroadsafety.ie

Nuair atá an fhoirm áirithinte líonta isteach agat, bain an leathanach seo agus seol é in éineacht leis an táille cheart chuig an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ag an seoladh thíos. Tá na táillí leagtha amach i nóta 6 de na nótaí treorach a ghabhann leis seo.

## 1. Sonraí

**Líon isteach gach réimse agus freagair gach ceist le do thoil. Mura ndéanann tú sin ní dhéanfar d'áirithint a phróiseáil.**
**(Líon isteach i mBLOCLITREACHA le do thoil)**

**Cad í d'uimhir tiománaí?** (féach ar nóta 1 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo)

**Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)** (féach ar nóta 2 sna nótaí treoracha ghabhann leis seo)

Má tá cead foghlaimeora i do sheilbh den chéad uair, níl cead agat tabhairt faoi scrúdú tiomána go dtí sé mhí tar éis dháta tosaithe do cheada le haghaidh gluaisteáin, gluaisrothair nó feithicil oibreacha. (féach ar nóta 1 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo)

Teideal: An tUas. ☐ Bean Uí ☐ Iníon ☐ Eile

Sloinne:

Céadainm:

Seoladh líne 1:

Seoladh líne 2:

Baile:

Cathair nó contae: Éirchód

Dáta breithe: Lá Mí Bliain

Inscne: Fireann ☐ Baineann ☐

Uimh. theileafóin lae:

Uimh. fóin phóca.:

D'fhéadfadh go n-úsáidfimis teachtaireachtaí téacs ó am go chéile chun meabhrú duit faoi d'áirithint scrúdaithe chomh maith le scéalta tábhachtacha eile. Más mian leat teachtaireachtaí téacs a fháil cuir tic anseo le do thoil ☐

Seoladh ríomhphoist:

Cén modh teagmhála is fearr leat? Ríomhphost ☐ **NÓ** Post ☐ (cuir tic le bosca amháin le do thoil)

Má roghnaíonn tú ríomhphost, iarrtar ort do chuntas ríomhphoist a sheiceáil go rialta, mar seolfaimid sonraí d'áirithint scrúdaithe trí ríomhphost amháin. Ba cheart duit déanamh cinnte go bhfuil **DriverTestingSection@rsa.ie** ar do liosta de sheoltóirí sábháilte.

### Cosaint sonraí

Maidir le haon eolas pearsanta a chuireann tú ar fáil agus do scrúdú á chur in áirithe déileálfaidh an RSA leis agus é ag cloí go daingean leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679). Tabhair cuairt le do thoil ar www.rsa.ie más mian leat féachaint ar an bpolasaí iomlán ar phríobháideachas.

Údaras Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority
Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 V6E4.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo, F26 V6E4.
Email: info@rsa.ie Website: www.rsa.ie

## 2. Sonraí maidir leis an scrúdú tiomána

[a] Cén chatagóir ceadúnais ar mian leat scrúdú a dhéanamh inti? (féach ar chatagóirí an cheadúnais tiomána ar leathanach 3 de na nótaí treorach a ghabhann leis seo)

☐☐☐ (má tá scrúdú bus nó trucaile á chur in áirithe agat, féach ar (g) thíos le do thoil)

Tabhair faoi deara nach féidir leat ach scrúdú a chur in áirithe do chatagóir ceadúnais amháin san fhoirm seo.

[b] Cén t-ionad scrúdú tiomána ar mian leat do thástáil a dhéanamh ann? (féach ar nóta 3 sna nótaí treorach a ghabhann leis)

[c] Nuair atá an scrúdú tiomána á chur in áirithe agat, is féidir leat iarraidh go dtabharfaí fógra duit nuair atá am nua ar fáil. Ar mian leat go ndéanfaimis teagmháil leat má thagann am níos luaithe ar fáil don scrúdú?

Sea ☐ Ní hea ☐

[d] An bhfuil riachtanas speisialta agat don scrúdú tiomána? (deacrachtaí foghlama, deacrachtaí urlabhra, deacrachtaí luaineachta, feithiclí oiriúnaithe, etc.) (féach ar nóta 9 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo)

Sea ☐ Ní hea ☐

[e] Ar mian leat go ndéanfaí do scrúdú trí Ghaeilge?
(féach ar nóta 10 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo)

Sea ☐ Ní hea ☐

[f] An bhfuil aon eolas ábhartha eile ar mhaith leat a thabhairt dúinn?

Sea ☐ Ní hea ☐

Má d'fhreagair tú 'Sea' iarrtar ort na sonraí a thabhairt anseo.

[g] Scrúdú bus nó trucaile. (Ní gá an chuid seo a líonadh ach le haghaidh áirithintí don scrúdú tiomána bus nó trucaile)

[i] Má tá scrúdú á chur in áirithe agat i gceann ar bith de na catagóirí ceadúnais bus nó trucaile (C, C1, D, D1 etc.) sonraigh le do thoil má tá scrúdú do Dheimhniú na hInniúlachta Gairmiúla Tiománaí (DIG Tiománaí) á chur in áirithe agat. (féach ar nóta 11 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo)

Sea ☐ Ní hea ☐

[ii] Má d'fhreagair tú 'Sea' thuas, an mian leat go mbeadh an scrúdú praiticiúil tiomána agus an scrúdú siúil thart eagraithe don lá céanna? Sea ☐ Ní hea ☐

[iii] Má tá pas bainte agat cheana i gcuid amháin den scrúdú DIG Tiománaí agus más mian leat tabhairt faoin gcuid eile anois sonraigh le do thoil cén chuid atá á cur in áirithe agat. (féach ar nóta 11 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo)

Cuid 1 (scrúdú praiticiúil tiomána) ☐ Cuid 2 (scrúdú siúil thart) ☐

## 3. Dearbhú

Leis seo is mian liom scrúdú tiomána a chur in áirithe agus dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san áirithint seo ceart. Tuigim gur cion é eolas bréagach nó míthreorach a thabhairt.

Má roghnaíonn tú d'áirithint don scrúdú tiomána a tharraingt siar laistigh de 14 lá ón scrúdú seo, féadfaidh tú aisíocaíocht a lorg (féach ar nóta 7 sna nótaí treorach a ghabhann leis seo).

Síniú: ____________ Dáta: ____________

# Nótaí treorach

## D'fhoirm áirithinte don scrúdú praiticiúil tiomána a líonadh isteach

**Iarrtar ort na nótaí a léamh go cúramach sula líonann tú isteach d'fhoirm áirithinte**

RSA

## Catagóirí ceadúnais tiomána

| Catagóir ceadúnais | | Feithiclí sa chatagóir ceadúnais |
|---|---|---|
| AM | | Móipéidí. Cuadrothair éadroma. |
| A1 | | Gluaisrothair ag a bhfuil méid innill nach sáraíonn 125cc, ag a bhfuil rátáil chumhachta nach sáraíonn 11 kW agus ag a bhfuil cóimheas cumhachta le meáchan nach sáraíonn 0.1 kW/kg. Gluaisrothair trírothacha ag a bhfuil rátáil chumhachta nach sáraíonn 15 kW. |
| A2 | | Gluaisrothair ag a bhfuil rátáil chumhachta nach sáraíonn 35 kW, ag a bhfuil cóimheas cumhachta le meáchan nach sáraíonn 0.2 kW/kg agus nach bhfuil díorthaithe ó fheithicil atá comhionann le níos mó ná a chumhacht faoi dhó. |
| A | | Gluaisrothair.<br>Gluaisrothair thrírothacha. |
| B | | Feithiclí (seachas gluaisrothair, móipéidí, feithiclí oibre nó tarracóirí talún) ag a bhfuil MAM[1] nach sáraíonn 3,500 kg, atá deartha agus tógtha chun ochtar paisinéirí ar a mhó a iompar i dteannta leis an tiománaí agus áit nach bhfuil MAM[1] leantóra ar bith níos mó ná 750 kg. Ní mór nach mbeadh MAM[1] na feithicle tarraingthe agus an leantóra in éineacht a chéile níos mó ná 3,500 kg. Tagann cuadrothair (seachas iad siúd atá clúdaithe ag AM) faoin gcatagóir seo freisin. |
| BE | | Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir B agus leantóir áit nach bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 3,500kg. |
| W | | Feithiclí oibre agus tarracóirí talún. |
| C | | Feithiclí (seachas feithiclí oibre nó tarracóirí talún) ag a bhfuil MAM[1] nach sáraíonn 3,500 kg, atá deartha agus tógtha chun ochtar paisinéirí ar a mhó a iompar i dteannta leis an tiománaí agus áit nach bhfuil MAM[1] leantóra ar bith níos mó ná 750 kg. |
| CE | | Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir C agus leantóir áit nach bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg. |
| C1 | | Feithiclí i gcatagóir C ag a bhfuil MAM[1] nach sáraíonn 7,500 kg, atá deartha agus tógtha chun ochtar paisinéirí ar a mhó a iompar i dteannta leis an tiománaí agus áit nach bhfuil MAM[1] leantóra ar bith níos mó ná 750 kg. |
| C1E | | Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir C1 agus leantóir áit a bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg agus áit nach sáraíonn MAM[1] na feithicle tarraingthe agus an leantóra in éineacht a chéile 12,000 kg. Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir B agus leantóir áit a bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 3,500 kg agus áit nach sáraíonn MAM[1] na feithicle tarraingthe agus an leantóra in éineacht a chéile 12,000 kg. |
| D | | Feithiclí atá deartha agus tógtha chun níos mó ná ochtar paisinéirí a iompar i dteannta leis an tiománaí agus áit nach bhfuil MAM[1] leantóra ar bith níos mó ná 750 kg. |
| DE | | Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir D agus leantóir áit a bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg. |
| D1 | | Feithiclí i gcatagóir D atá deartha agus tógtha chun níos mó ná 16 paisinéir ar a mhó a iompar i dteannta leis an tiománaí, ag a bhfuil uasfhad nach sáraíonn 8 méadar agus áit nach bhfuil MAM [1] leantóra ar bith níos mó ná 750 kg. |
| D1E | | Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir D1 agus leantóir áit a bhfuil MAM [1] an leantóra níos mó ná 750 kg. |

[1] Ciallaíonn Uasmhais Údaraithe (ar a dtugtar Ollmheáchan Feithicle Deartha (OMFD) ualach luchtaithe an deartha. Is gnách go dtagraíonn déantúsóirí dó mar Ollmhais Feithicle (OMF) agus is gnách go mbíonn sé taispeánta ar phláta miotail a cheanglaíonn an déantúsóir leis an bhfeithicil.

Do scrúdú tiomána gluaisrothair, níl carr cliathánach ceadaithe le haghaidh an scrúdaithe ach amháin i gcás duine faoi mhíchumas.

Chun scrúdú tiomána a dhéanamh i bhfeithicil le leantóir, ní mór go mbeadh ceadúnas iomlán agat don fheithicil tarraingthe e.g. chun scrúdú a dhéanamh sa chatagóir BE, ní mór go mbeadh ceadúnas iomlán agat i gcatagóir B chomh maith le cead foghlaimeora don chatagóir BE.

Ní mór duit féin an fheithicil a chur ar fáil don scrúdú tiomána. Cuirfimid ar d'eolas tú faoi shonraíochtaí na feithicle agus faoin gcineál feithicle a bheidh ag teastáil i d'fhógra áirithinte don scrúdú.

## 1. Cead foghlaimeora

Chun scrúdú tiomána a dhéanamh, ní mór go mbeadh cead foghlaimeora agat sa chatagóir ceadúnais ar mian leat scrúdú a dhéanamh inti.

Is í an uimhir tiománaí an uimhir le naoi ndigit atá sonraithe ar an gcead foghlaimeora ag 4(d).

Maidir le duine a bhfuil cead foghlaimeora ina sheilbh den chéad uair le haghaidh na gcatagóirí ceadúnais AM, A1, A2, A, B agus W (gluaisrothar, gluaisteán, feithiclí oibre agus tarracóirí) ní mór go mbeadh an cead foghlaimeora sin aige ar feadh sé mhíosa sula ndéanann sé an scrúdú. Tá catagóirí gluaisteáin agus leantóra nó bus agus trucaile díolmhaithe ón gceanglas sé mhíosa sin.

Le haghaidh níos mó eolais faoi cheadanna foghlaimeora nó má tá amhras ort faoi do cháilitheacht do chead foghlaimeora ba cheart duit cuairt a thabhairt ar www.ndls.ie

## 2. UPSP

Is é atá san Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (uimhir RSI a thugtaí air roimhe sin) ná d'uimhir thagartha uathúil chun cabhrú leat rochtain a fháil ar shochair agus eolas ó ghníomhaireachtaí seirbhíse poiblí.

Mura bhfuil do UPSP ar eolas agat ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le hoifig na Roinne Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i do cheantar féin. Cabhróidh baill foirne san oifig seo leat le d'uimhir a rianú nó i gcás nach bhfuil UPSP agat socróidh siad ceann a shannadh duit. Iarrfar ar iarratasóirí nua ar UPSP cruthúnas faoi aitheantas agus faoi chónaí in Éirinn a chur ar fáil i bhfoirm cáipéisí.

## 3. Ionaid scrúdaithe

Tá ionaid scrúdaithe tiomána suite ar fud na tíre mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Is féidir leat do scrúdú tiomána a chur in áirithe i do rogha ionaid scrúdaithe. Ní dhéantar scrúduithe tiomána le haghaidh gluaisrothar, trucailí agus busanna i ngach ionad scrúdaithe. Ba cheart duit a sheiceáil an bhfuil do rogha catagóire don scrúdú ar fáil i do rogha ionaid scrúdaithe. Mura bhfuil, ba cheart duit ionad eile a roghnú.

| | | |
|---|---|---|
| Baile Átha Luain | Dún Dealgan | An Nás |
| Béal an Átha | Dún Garbhán | An Uaimh |
| Biorra | Inis | An tAonach |
| Bun Cranncha | **Gaillimh** | An Caisleán |
| Ceatharlach | An Carn Mór | Nua |
| Cora Droma Rúisc | An Taobh Thiar | Port Laoise |
| Caisleán an Bharraigh | Guaire | Ros Comáin |
| An Cabhán | Cill Chainnigh | Sionainn |
| An Clochán | Cill Airne | An Sciobairín |
| Cluain Meala | Cill Rois | Sligeach |
| Corcaigh | Leitir Ceanainn | Durlas |
| Dún na nGall | **Cathair Luimnigh*** | Tiobraid Árann |
| **Cathair Bhaile Átha Cliath** | Caisleán Mhungairit | Tuaim |
| | Radharc na Coille | Tulach Mhór |
| Dún Laoghaire | Longfort | Port Láirge |
| Fionnghlas | Baile Locha Riach | Loch Garman |
| Mullach Eadrad | Mala | Cill Mhantáin |
| Tamhlacht | Muineachán | |
| Ráth Eanaigh | Muileann gCearr | |

*D'fhéadfadh go ndéanfaí do scrúdú i gceachtar ionad scrúdaithe.

de na meánamanna feithimh ar fáil ar www.rsa.ie Má tá scrúdú á chur in áirithe agat i gcatagóir W (feithicil oibre nó tarracóir) iarrtar ort an t-ionad scrúdaithe tiomána is gaire duit a roghnú ón tábla thíos. Áit is gá, déanfaimid teagmháil leat chun scrúdú a shocrú in ionad níos oiriúnaí.

## 4. Ullmhú don scrúdú

Chun ullmhú do do scrúdú tiomána ba cheart duit staidéar a dhéanamh ar an leabhrán Rialacha an Bhóthair ar féidir é a cheannach ó shiopaí leabhar nó tabhair cuairt ar www.rulesoftheroad.ie. Ba cheart duit freisin ceachtanna tiomána a dhéanamh le Teagascóir Tiomána Faofa (TTF) agus cleachtadh a dhéanamh faoi mhaoirseacht tiománaí inniúil a bheidh in éineacht leat. Tabhair cuairt ar www.rsa.ie chun féachaint ar liosta de Theagascóirí Tiomána Faofa (TTFanna).

## 5. Oiliúint le haghaidh Tiománaithe atá ag Foghlaim

Mar chuid de chlár chun caighdeáin tiomána agus sábháilteacht ar ár mbóithre a fheabhsú, ní mór do gach duine a bhfuil cead foghlaimeora ina sheilbh den chéad uair sna catagóirí gluaisrothair agus gluaisteáin tabhairt faoi oiliúint struchtúrtha do thiománaithe atá ag foghlaim. Tá Catagóir BE agus catagóirí bus agus trucaile díolmhaithe ón gceanglas sin. Tá eolas faoi Oiliúint Tiomána Riachtanach agus Bunoiliúint Tosaigh ar fáil ag www.rsa.ie

## 6. Táillí

Ní mór go mbeadh an táille cheart don scrúdú sa chatagóir ceadúnais ábhartha ag gabháil le d'fhoirm áirithinte. Tá na táillí leagtha amach thíos anseo agus níl cead iad a aistriú. Ba cheart go mbeadh íocaíocht déanta trí dhréacht bainc, ordú poist nó ordú airgid agus a dhéanamh iníoctha leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. NÁ SEOL AIRGEAD TIRIM NÓ SEICEANNA. Seolfar ar ais foirmeacha áirithinte má tá an táille mhícheart in éineacht leo. Ar chúiseanna riaracháin, ní dhéanfar aon aisíocaíochtaí i dtaobh €2 nó níos lú sa bhreis ar an táille don chatagóir atá i gceist.

| | |
|---|---|
| Catagóir AM, A1, A2, A, B, BE agus W | €85 |
| Catagóir C, CE, C1, C1E, D, DE, D1, D1E | €120 |
| Scrúdú tiomána DIG (catagóir bus agus trucaile) An scrúdú praiticiúil | €120 |
| Scrúdú siúil thart don DIG | €32 |

Mura bhfuil deimhniú áirithinte faighte agat laistigh de choicís, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (sonraí teagmhála thíos).

## 7. Áirithint scrúdaithe a tharraingt siar

Más amhlaidh, laistigh de cheithre lá déag ó do scrúdú tiomána a chur in áirithe, gur mian leat d'áirithint a chur ar ceal, féadfaidh tú í a chealú agus iarraidh go n-aisíocfaí do tháille áirithinte. Is féidir leat é sin a dhéanamh tríd an gcóras áirithinte ar líne.

## 8. Áirithint don scrúdú tiomána a chur ar ceal

Má tá ort do scrúdú tiomána a chur ar ceal, iarrtar ort é a dhéanamh 10 lá ar a laghad roimh dháta an scrúdaithe, nó caillfidh tú do tháille agus beidh ort íoc as scrúdú eile. Má chuireann tú d'áirithint ar ceal níos mó ná dhá huair caillfidh tú do tháille fiú má thugann tú fógra deich lae.

## 9. Socruithe speisialta

Má tá tú faoi mhíchumas agus má úsáideann tú gluaisteán atá curtha in oiriúint ionas gur féidir leat tiomáint, iarrtar ort muid a chur ar an eolas faoi chomh luath agus is féidir trí thic a chur sa bhosca ábhartha ag 2(d) san fhoirm áirithinte. Cuirfear socruithe cuí i bhfeidhm le haghaidh do scrúdaithe agus beidh an RSA i dteagmháil dhíreach leat faoi sin. Más feithicil tras-seoladh uathoibríoch amháin atá i d'fheithicil ní gá aon socruithe speisialta a iarraidh. Má tá tú bodhar nó má tá moill éistigh ort iarrtar ort muid a chur ar an eolas faoi ag 2(d). Is féidir leat ateangaire nó gaol nó cara a thógáil leat chun cabhrú leat leis an gcuid labhartha den scrúdú. Ní mór nach mbeadh an duine sin i do theagascóir tiomána agus níl cead aige dul in éineacht leat don scrúdú praiticiúil.

## 10. An Ghaeilge

Chun socrú go ndéanfá do scrúdú tiomána trí Ghaeilge, ní mór duit an rogha sin a shonrú trí thic a chur sa bhosca 'Sea' i gceist 2(e).


## 11. Deimhniú na hinniúlachta gairmiúla (DIG) tiománaí

Más mian leat trucail nó bus a thiomáint go gairmiúil agus mura raibh ceadúnas iomlán tiomána agat roimh an 10 Meán Fómhair 2008 i gcás bus nó roimh an 10 Meán Fómhair 2009 i gcás trucaile le haghaidh na feithicle ar mian leat a thiomáint nó le haghaidh feithicle eile sa chatagóir feithicle sin, ní mór duit scrúdú tiomána fada le dhá chuid a dhéanamh chun cáiliú don DIG Tiománaí. Scrúdú praiticiúil caighdeánach don chatagóir ceadúnais atá i gCuid 1 agus scrúdú siúil thart don DIG atá i gcuid 2.

Le haghaidh níos mó eolais iarrtar ort féachaint ar an gcuid faoi DIG ag www.rsa.ie

## 12. Cúram custaiméara

Tá an RSA tiomanta dá sheirbhísí a fheabhsú go leanúnach agus cuireann sé fáilte roimh aiseolas. Más mian leat aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó moladh a thabhairt, iarrtar ort scríobh chuig an Oifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí, An Rannóg Tástála Tiománaí, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin trí Íosghlao 1890 40 60 40, trí ríomhphost chuig drivingtest@rsa.ie nó ar ár láithreán gréasáin ag www.rsa.ie



RSA MyRoadSafety.ie

D'acmhainn ar líne chun do chuid eolais tiománaí go léir a láimhseáil go héasca agus go sábháilte, idir sheirbhísí, scrúduithe, cheadanna agus cheadúnais.

Údaras Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 V6E4.

Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo, F26 V6E4.

Teil.: (096) 25 000
Ríomhphost: info@rsa.ie Láithreán gréasáin: www.rsa.ie

RSA MyRoadSafety.ie

D'acmhainn ar líne chun do chuid eolais tiománaí go léir a láimhseáil go héasca agus go sábháilte, idir sheirbhísí, scrúduithe, cheadanna agus cheadúnais.

Leasú Meán Fómhair 2021